

Cáca Milis| A1 Notes

Carachtair: Tá beirt príomh-charachtair sa scannán seo, Catherine agus Pól agus tá codarsnacht (*contrast*) mhór eatarthu (*between them*).

Pól: Ar an gcéad dul síos, is duine cainteach agus cairdiúil é Pól. Feicimid go bhfuil áthas an domhain air guth na mná a chloistéail mar tá fonn cainte air (*desire to talk*). Ní híoróin beag é sin! (*It's no small irony!*). Bíonn sé ag caint gan staid ná staonadh (*without stop*) agus is léir go bhfuil sé ag baint suilt as an turas, (*enjoying the journey*) go dtí go dtosaíonn Catherine ag imirt cleasaithe air (*until Catherine starts playing tricks on him*). Ar a bharr sin (*furthermore*), tá drochbhéasa aige (*bad manners*), mar shampla, nuair a itheann sé an cáca bíonn príoslaí ag síleadh amach óna bhéal (*spits flowing from his mouth*). Ní haon ionadh é go bhfuil déistin ar Chatherine.

Is duine éileamhach (*demanding*) é Pól freisin, mar tá éalanga (*impediments*) air. Tá sé dall (*blind*) agus tagann taom múchadh (*asthma attack*) air go mion minic. Cur i gcás, (*take for example*), níl sé ábalta an siúcra a chur ina chaife agus nuair a dhéanann sé iarracht (*effort*) cacann sé ar na huibheacha (*he makes a mess of it*). Is duine neamhúrchóideach (*harmless*), saonta (*gullible*) agus soineanta (*innocent*) é. Mar shampla, creideann sé go bhfuil na cáilíní go leor sa tóir air! (*He believes all the girls are after him!*) Ó thus an turais tá muinín aige as Catherine (*he trusts Catherine*) áfach tá mí-adh air agus íocann sé go daor don mhuinín seo.

Catherine: Is duine fuarchúiseach (*cold-hearted*), olc (*evil*) agus mailíseach í Catherine. Ag tús an scéil, feicimid go bhfuil sí bréan bailithe den saol atá aici. Bíonn uirthi aire a thabhairt dá máthair ach, níl sí an-aireach (*caring*). Mar shampla, ba mhaith lena mam dul go dtí an leithris ach ní ligeann sí di. Tá sí an-bhorb leí (*very sharp with her*). Ar an traein teastaíonn uaithi leabhar a léamh go ciúin síochánta (*peacefully*) ach scriosann (*destroys*) Pól an síocháin nuair a thagann sé ar an láthair (*when he comes on the scene*). Níl fonn cainte ar bith ar Chatherine agus dá bhrí sin ní thugann sí ach freagraí an-ghearra dó. Go deimhin, is duine mífhoighneach (*impatient*) í agus de réir mar a leanann an turas ar aghaidh, feicimid go bhfuil a fuil ag ardú (*her blood is rising*). Mar dhíoltas (*revenge*), tosaíonn sí ag imirt cluichí intinne leis

(*mindgames*). Insíonn sí bréaga dó m.s insíonn sí dó go bhfuil loch in aice leis an traein. Baineann sí sult saofa (*she gets perverted pleasure*) as a mhearbhall (*from his confusion*). Déanann sí a dícheall chun dallamullóg a chur air (*to hoodwink him*). Is léir gur duine olc í, mar nuair a thagann taom anála air féachann sí air gan trócaire (*she looks at him without mercy*) agus bogann sí an analóir as a ghréim (out of his reach). Ní féidir a shéanadh (*it can't be denied*) gur duine cruálach í Catherine agus go bhfuil sí claonta chun oilc ina croí. Is dúnmharfóir í (*murderer*).

Téama: Táim den bharúil (*i'm of the opinion*) gurb é 'daoine míchumasacha' (*disabled people*) an téama is tábhachtaí.

Caitheann Catherine go dona lena mam agus le Pól. Tá gráin dearg (*intense hatred*) aici do dhaoine míchumasacha. Ach, nochtaíonn an scannán seo (*this film exposes*) cé chomh leochaileach (*vulnerable*) is atá na daoine éagumasacha sa sochaí. Tá críoch an scéil an-sceirdiúil (*bleak*). Eiríonn le Catherine Pól a mháru gan fiú lámh a leagan air (*without laying a hand on him*). Ansin, go breá, réidh, socair (*nice and calmly*) eiríonn sí agus fágann sí ar a suaimhneas. Cuirtear eagla ar an lucht féachána (*audience*). Tá trua againn do Phól. Léirítear cé chomh éasca is atá sé chun teacht i dtír ar dhaoine éagumasacha (*...how easy it is to take advantage of disabled people*). Anuas ar sin, feicimid na fadhbanna atá le sárú acu (*problems to be overcome*) gach lá.

Teicnící Scannáníochta:

Codarsnacht: Mar a luaigh mé ó chianibh, tá bearna ollmhór idir an bheirt sa scannán seo, ach tá codarsnacht shuntasach eile le sonrú (*to be noticed*); tá Catherine ag léamh leabhair románsaí agus tá codarsnacht idir an domhan fantasaíochta seo agus an réaltacht atá ós a comhair amach (*the reality in front of her*). Tá an fear sa leabhar láidir agus dathúil (*handsome*) agus tá Pól bocht i bhfad ón bpictiúr seo. Ar ndóigh, cuireann Pól

samhnas (*disgust*) uirthi agus bíonn sleabhac (*scowl*) ar a haghaidh agus í ag féachaint air. Ba mhaith le Catherine teitheadh chuig an domhan fantasaíochta seo (*Catherine would like to flee to this fantasy world*) chun éalú (*to escape from*) óna mam agus Pól. Is teicníc iontach é seo mar threíonn sé (*strengthens*) an míshonas atá ar Chatherine.

Idirghníomh: Tá an teicníc seo (*interaction*) go mór chun tosaigh. Ar dtús, tá teanga an choirp (*body language*) tábhachtach. Tá cos Pól ag bogadh agus ag crith (*shaking*) an t-am ar fad agus buaileann sé cos Catherine. Ansin, tarraingíonn Catherine a cos siar ar an toirt (*she pulls back her legs straight away*). Léiríonn an gníomh cosantach (*defensive action*) seo nách bhfuil fonn cainte ar bith ar Chatherine. Teastaíonn uaithi a scíth a ligint (*relax*) agus a leabhar a léamh.

Gar-Amharc (close up): Úsáideann an stiúirthóir an gar-amharc chun béim a chur ar bhéal Pól fad is atá sé ag ithe a cháca agus ag slogadh (*gulping*) a chaife. Úsáidtear é arís chun díriú isteach ar (*focus in on*) an aoibh ar aghaidh Chatherine. Tá sé éasca an claon chun oilc a fheiscint ina súile.

Suíomh: Is áis (*resource*) scannánaíochta é an traein agus úsáidtear é chun stráinséirí a chur le chéile agus caidreamh de chinéal éigin a fhorbairt eatarthu (*develop a relationship between them*). Is áis drámaíochta é freisin mar níl éinne in ann éalú agus dá bhrí sin tá sé an éasca chun teannas (*tension*) agus comhlint (*conflict*) a chruthú (*create*). Is meafar é freisin, mar seasann sé do neamhphearsantacht (*impersonal*) an tsaoil. Inniú, ní bhíonn éinne ag caint ar an traein, bíonn gach duine ar an bhfón póca nó ag éisteacht le ceoil, mar bhíonn cluasán (*headphones*) ag gach duine. Tá sé níos éasca a bheith fuarchúiseach sa sochaí anois.